


## GAOLTA

**Pictiúr: Radharc:**

Bríd agus Máire ag siúl abhaile ón scoil; na deilbhíní seo a leanas a chur sa chiorcal cainte de réir mar a oireann: deirfiúr Mháire (tinneas fiacaile uirthi), máthair Mháire san aerfort, eitleán, uncail Mháire ag teacht den eitleán, an bord gléasta le haghaidh an tae, athair Mháire agus comhartha ceiste.

Gníomhartha agus geáitsíocht a dhéanamh de réir mar a bhíonn gá leo.

**CÉIM 1. CLOISTEÁIL AGUS AITHINT****Cuntas Reatha**

Inniu an Luan. Tá Bríd agus a cara ag siúl abhaile ón scoil.

**Agallamh**

MÁIRE: Tá mo dheirfiúr sa bhaile inniu. Tá tinneas fiacaile uirthi.

BRÍD: An bhfuil do mháthair sa bhaile?

MÁIRE: Níl. Tá sí imithe go dtí an t-aerfort.\*

BRÍD: Cén fáth?

MÁIRE: Mar tá m'uncail ag teacht.

BRÍD: An bhfuil d'athair ag an aerfort?

MÁIRE: Níl. Tá sé sa bhaile. Beidh an tae réidh aige nuair a thiocfaidh siad abhaile.

**CÉIM 2. AITHRIS****CÉIM 3. ATHRÁ Ó SPREAGTHAIGH**

(a) Spreagthaigh shúl (mar atá i gCéim 1);

(b) Spreagthaigh chluas:

Cén lá inniu?

Cá bhfuil Bríd agus a cara?

Céard faoi do dheirfiúr, a "Mháire"?

Cén fáth sin?

Cuir ceist uirthi faoina máthair, a "Bhríd".

Inis di, a "Mháire".

Cuir ceist cén fáth a bhfuil Mamaí ag an aerfort.

Tá duine éigin ag teacht, a "Mháire"?

Tusa anois, a "Bhríd", cuir ceist faoina hathair.

Inis di, a "Mháire".

Agus cén uair a bheidh an tae réidh?

\*Stáisiún nó Stad an Bhus a úsáid, más mian.

#### CÉIM 4. CLEACHTADH MÚNLAÍ AGUS FOCLÓRA

1. Inniu an *Luan*.  
(*Máirt, Céadaoin, etc.*).
2. Tá *m'uncail* ag teacht.  
(*athair, aintín, deartháir, deirfiúr, máthair*).
3. Tá sé sa bhaile.  
(*amárach, maidin inniu, gach lá; an? ní: inné; ní, an?: amárach*).
4. Tá sé imithe go dtí an *t-aerfort*.  
(*fiaclóir, dochtúir, farraige, sorcas, siopa an bhúistéara, siopa an bhearbóra, etc.*).

#### CÉIM 5. SAORCHOMHRÁ CRUTHAITHEACH

1. Aithris ar an mbunchomhrá.
2. Dráma:  
An suíomh céanna atá sa bhunchomhrá ach aintín Bhríde a bheith ag teacht go dtí an t-aerfort agus Mamaí a bheith ag fanacht sa bhaile ag ullmhú an bhéile.
3. Scéal a chumadh:  
*Ní raibh Nóirín ar scoil inniu. Bhí tinneas fiacaile uirthi. Bhí a deirfiúr Máire, ar scoil . . .*

4. Comhrá faoin bpictiúr agus ceisteanna ó pháistí ar a chéile agus ar an múinteoir.

#### Rann Ceoil (An ceol ar théip)

##### I

Tá Uncail Pól ag teacht inniu,  
Ag teacht abhaile ar citleán,  
Tá Mamaí is mo dheartháir, Páid,  
Ag dul go dtí an t-aerfort.

##### Curfá

Fáilte romhat, a Uncail Pól,  
Fáilte romhat abhaile,  
Fáilte romhat, a Uncail Pól,  
Céad míle fáilte romhat.

##### II

Tá Daidí is mo dheirfiúr bheag  
Ag obair liom sa bhaile,  
Beidh gach rud réidh le haghaidh an tae  
Nuair a thagann siad ón aerfort.

##### Curfá